**Parlaimint na hEorpa**
2019-2024

*Suí iomlánach*

**B9-0311/2021**

2.6.2021

# TAIRISCINT I gCOMHAIR RÚIN

chun an díospóireacht maidir leis na ráitis ón gComhairle agus ón gCoimisiún a thabhairt chun deiridh

de bhun Riail 132(2) de na Rialacha Nós Imeachta

maidir le tabhairt faoi dhúshlán domhanda COVID-19: éifeachtaí an tarscaoilte ar Chomhaontú TRIPS EDT maidir le vacsaíní COVID-19, cóireáil, treallamh agus méadú ar tháirgeadh agus acmhainneacht monaraithe i dtíortha i mbéal forbartha
(2021/2692(RSP))

**Samira Rafaela, Karen Melchior, Dita Charanzová, Liesje Schreinemacher, Svenja Hahn, Nicola Danti, Nicolae Ştefănuță, Frédérique Ries, Petras Auštrevičius, Martin Hojsík**
thar ceann Ghrúpa Renew

**B9-0311/2021**

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa maidir le tabhairt faoi dhúshlán domhanda COVID-19: éifeachtaí an tarscaoilte ar Chomhaontú TRIPS EDT maidir le vacsaíní COVID-19, cóireáil, treallamh agus méadú ar tháirgeadh agus acmhainneacht monaraithe i dtíortha i mbéal forbartha**
**(2021/2692(RSP))**

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

– ag féachaint do Chomhaontú na hEagraíochta Domhanda Trádála (EDT) maidir le Gnéithe de Chearta Maoine Intleachtúla a bhaineann le Trádáil (TRIPS), a tháinig i bhfeidhm an 1 Eanáir 1995,

– ag féachaint do Dhearbhú Doha maidir le Comhaontú TRIPS agus Sláinte Phoiblí a glacadh an 14 Samhain 2001,

– ag féachaint don togra le haghaidh tarscaoileadh fhorálacha chomhaontú TRIPS ag an India agus ag an Afraic Theas an 2 Deireadh Fómhair 2020,

– ag féachaint don ráiteas ón Ambasadóir Katherine Tai an 5 Bealtaine 2021 maidir le tarscaoileadh TRIPS i ndáil le COVID-19,

– ag féachaint don togra athbhreithnithe le haghaidh tarscaoileadh fhorálacha TRIPS mar a chuir 62 Comhalta de chuid EDT in iúl an 21 Bealtaine 2021,

– ag féachaint do Riail 132(2) dá Rialacha Nós Imeachta,

A. de bhrí gur dhearbhaigh an Eagraíocht Dhomhanda Sláinte paindéim dhomhanda COVID-19 an 11 Márta 2020; de bhrí gur dearbhaíodh an 24 Bealtaine 2021 go raibh níos mó ná 166 milliún cás ar fud an domhain agus gur cailleadh níos mó ná 3.4 milliún duine;

B. de bhrí go bhfuil straitéis dhomhanda de dhíth ar phaindéim reatha dhomhanda COVID-19 maidir le vacsaíní, diagnóisic, cóireáil agus táirgeadh agus dáileadh trealaimh; de bhrí go bhfuil gá le cur chuige iomlánaíoch atá bunaithe ar eolaíocht agus ar fhíorais chun aghaidh a thabhairt ar na dúshláin sláinte a bhaineann leis an bpaindéim;

C. de bhrí go bhfuil rabhadh tugtha ag an Eagraíocht Dhomhanda Trádála nach bhfacthas riamh cheana an cur isteach atá cruthaithe ag an bpaindéim ar an staid dhomhanda sláintíochta, ar an ngeilleagar agus ar thrádáil dhomhanda; de bhrí gur gá freagairt chomhordaithe ar bhagairt dhomhanda a bheith ann i gcás suaitheadh sláintíochta amhail paindéim; de bhrí go dteastaíonn comhar agus réitigh dhomhanda ó shuaitheadh trádála domhanda agus ó bhacainní domhanda, agus nach mór aghaidh a thabhairt orthu ar an leibhéal idirnáisiúnta agus ar an leibhéal Eorpach nuair is féidir; de bhrí go bhféadfadh táirgeadh agus dáileadh vacsaíní agus trealaimh leighis a bhaineann le paindéim COVID-19 leas a bhaint as cur chuige leathan iomlánaíoch i leith táirgthe agus dáileacháin;

D. de bhrí gur chuir an India agus an Afraic Theas togra le haghaidh tarscaoileadh fhorálacha áirithe de Chomhaontú TRIPS maidir le COVID-19 a chosc, a shrianadh agus a chóireáil agus téacs an dréacht-chinnidh atá beartaithe in iúl do Chomhaltaí Chomhairle TRIPS ag an Eagraíocht Dhomhanda Trádála an 2 Deireadh Fómhair 2020; de bhrí gur cuireadh formhór mór na 227 milliún vacsaín a onnmhairíodh chuig tíortha forbartha agus dlúth-chomhghuaillithe faoin 25 Bealtaine 2021; de bhrí, faoin 8 Bealtaine 2021, gur onnmhairíodh 72 milliún vacsaín go dtí an tSeapáin, 19 milliún go dtí an Ríocht Aontaithe, 18 milliún go Ceanada, 10 milliún go Meicsiceo, 7 mhilliún go dtí an Araib Shádach, 5 milliún go dtí an Tuirc, 5 milliún go dtí an Eilvéis, 3 milliún go Singeapór, 3 milliún go dtí an Cholóim agus 3 milliún go dtí an Chóiré;

E. de bhrí, ón 30 Bealtaine 2021 amach, go ndearna AE 260 milliún vacsaín a dháileadh go hinmheánach agus 226 milliún vacsaín a onnmhairiú; de bhrí gur príomh-rannchuiditheoir le COVAX é an tAontas;

F. de bhrí gur eisigh riarachán Biden-Harris ráiteas an 5 Bealtaine 2021 chun tacú le cosaint maoine intleachtúla a tharscaoileadh le haghaidh vacsaíní COVID-19, ráiteas a chuir i bhfios go láidir go mbeidh SAM rannpháirteach go gníomhach ag EDT sa chaibidlíocht téacsbhunaithe a bhfuil gá léi chun go dtarlóidh sé sin; de bhrí nach léir fós cad atá i gceist leis an togra ó SAM agus an bhfuil sé i gcomhréir leis an togra ón India agus ón Afraic Theas;

G. de bhrí go bhfuil SAM ar thús cadhnaíochta ar fud an domhain i dtáirgeadh vacsaíní COVID-19; de bhrí gur bhain na Stáit Aontaithe úsáid as cumhacht chogaidh ar a dtugtar an tAcht um Tháirgeadh Cosanta (DPA) chun iallach a chur ar chuideachtaí príobháideacha a gconarthaí sna Stáit Aontaithe a chomhlíonadh roimh orduithe eile; de bhrí gur toirmeasc onnmhairithe de facto é DPA ar tháirgeadh vacsaíní agus ar tháirgeadh earraí idirmheánacha le haghaidh vacsaíní, a d'fhág gur ar éigean gur onnmhairigh na Stáit Aontaithe aon vacsaíní nó aon chomhpháirteanna díobh go dtí tús mhí na Bealtaine 2021 agus, dá bhrí sin, gur cuireadh moill ar tháirgeadh domhanda vacsaíní;

H. de bhrí, mar gheall ar an staid eipidéimeolaíoch scanrúil nach bhfacthas riamh cheana san India, gur fhorchuir Rialtas na tíre toirmeasc onnmhairithe ar vacsaíní, beart a chuir isteach ar an soláthar domhanda; de bhrí go bhfuil COVAX ag brath go mór ar vacsaíní a tháirgtear san India le haghaidh dáileadh domhanda vacsaíní;

I. de bhrí gur thíolaic 62 comhalta EDT togra athbhreithnithe an 21 Bealtaine 2021 maidir le tarscaoileadh sealadach chomhaontú TRIPS arb é is aidhm dó dul ar aghaidh chuig plé téacsbhunaithe; de bhrí go bhfuil sé d'aidhm ag an togra athbhreithnithe cur chun feidhme Ranna 1, 4, 5 agus 7 de Chuid II de Chomhaontú TRIPS a tharscaoileadh chomh maith le cur chun feidhme Chuid III de Chomhaontú TRIPS i ndáil le táirgí agus teicneolaíochtaí sláinte chun COVID-19 a chosc, a chóireáil nó a shrianadh ar feadh tréimhse 3 bliana ar a laghad;

J. de bhrí go dtéann an togra nua seo níos faide ná an togra tosaigh ón India agus ón Afraic Theas, lena gcumhdaítear ní hamháin paitinní ar vacsaíní ach na táirgí sláinte agus na teicneolaíochtaí uile ar fud speictream iomlán na cosanta ar chearta maoine intleachtúla (CMI), cé is moite de thaibheoirí, táirgeoirí fónagraim nó eagraíochtaí

craoltóireachta;

K. de bhrí gur príomhthosaíocht ag an Aontas Eorpach é rochtain uilíoch chothrom ar vacsaíní agus ar chóireálacha COVID-19; de bhrí go bhfuil gá le cosaint mhear agus éifeachtúil gach tíre chun saoránaigh uile AE a chosaint, chun teacht chun cinn athraitheach nua san Eoraip ar údar imní iad a theorannú agus chun soghluaisteacht shaoránaigh AE ar fud an domhain a athbhunú; de bhrí go bhfuil sé riachtanach dlús a chur le táirgeadh chun vacsaíniú domhanda a bhaint amach; de bhrí gur tosaíocht dhomhanda é monarú vacsaíní a mhéadú; de bhrí nach féidir bac a chur ar shlabhraí soláthair domhanda d'amhábhair le bearta caomhnaitheacha nó bacainní neamhtharaife ar thrádáil; de bhrí go measann AE go bhfuil a lán bealaí agus gníomhaíochtaí a bhfuil gealladh fúthu nach mór a ghlacadh chun cur leis an sprioc sin;

L. de bhrí go gcumasaíonn na vacsaíní COVID-19 agus an chosaint maoine intleachtúla ina dhiaidh sin táirgeadh agus dáileadh domhanda, chomh maith le taighde, forbairt agus nuálaíocht; de bhrí go gcruthaíonn cosaint maoine intleachtúla timpeallacht iontaobhais do tháirgeoirí agus d'infheisteoirí, chomh maith le cinnteacht fhadtéarmach; de bhrí go mbeidh taighde agus forbairt ríthábhachtach san fhadtéarma chun vacsaíní treisithe a tháirgeadh a thabharfaidh cosaint i gcoinne athraitheach nua COVID-19;

M. de bhrí gur dhearbhaigh Ard-Stiúrthóir EDS, an Dr. Tedros Adhanom Ghebreyesus, i mí Aibreáin 2021 go bhfuil 890 milliún dáileog vacsaíne tugtha ar fud an domhain, agus gur do thíortha ard-mheánioncaim agus ard-mheánioncaim breis agus 81 % díobh sin; de bhrí nach bhfuair tíortha ísealioncaim ach 0.3 % de na vacsaíní;

N. de bhrí go ndúirt Ngozi Okonjo-Iweala, Ard-Stiúrthóir EDT an 14 Aibreán 2021 go raibh sí ag dréim leis go nglacfadh comhaltaí EDT: 'gníomhaíocht chun srianta ar onnmhairiú agus bacainní ar an slabhra soláthair a laghdú tuilleadh, agus oibriú le heagraíochtaí eile chun nósanna imeachta lóistíochta agus custaim a éascú. Táimid ag déanamh monatóireachta ar an méid sin mar chuid dár ngnáthobair, agus leanfaimid orainn ag déanamh amhlaidh chun soláthairtí a mhéadú agus slabhraí soláthair láidre a chothabháil. Cuireadh béim ar an trádáil mar fhachtóir ríthábhachtach táirgthe; tá sé de dhualgas ar chomhaltaí EDT gníomhú'[1];

O. de bhrí go bhfuil go leor tíortha ag brath ar COVAX chun vacsaíní COVID-19 a fháil; de bhrí gur fhógair an Coimisiún go ndeonódh Foireann na hEorpa 100 milliún vacsaín ar a laghad do thíortha ísealioncaim agus meánioncaim faoi dheireadh 2021; de bhrí go bhfuil sásra COVAX lagaithe go mór le cinneadh Institiúid Serum na hIndia tabhartais do COVAX a chur ar fionraí mar gheall ar dhéine ard na paindéime san India;

P. de bhrí nár bhain roinnt tíortha i mbéal forbartha a fuair vacsaíní trí COVAX úsáid astu de dheasca easpa muiníne agus éiginnteacht i leith vacsaíní; de bhrí nach mór na slabhraí soláthair i dtíortha atá i mbéal forbartha a fheabhsú; de bhrí go bhféadfadh méadú ar tháirgeadh áitiúil, feasacht i measc an daonra agus méadú ar chúnamh do dháileadh i dtíortha i mbéal forbartha cur leis an líon domhanda daoine atá vacsaínithe;

Q. de bhrí gur cheart go mbeadh sé mar thosaíochtaí ag AE an náisiúnachas sláinte a

[1] https://www.wto.org/english/news_e/spno_e/spno7_e.htm

chomhrac, slabhraí soláthair a choinneáil ar oscailt agus gach uirlis atá ar fáil a úsáid chun tacú le rochtain ar vacsaíní, ar dhiagnóisic, ar theiripí agus ar réitigh eile maidir le soláthar míochaine chun an leas poiblí domhanda a ghabhann le vacsaín COVID-19 a chur ar fáil do chách;

1. á chur in iúl gur cúis mhór bhuartha di leathadh COVID-19 agus leathadh a n-athraitheach ar fud an domhain; á chreidiúint, ní hamháin gur ar AE agus ar a chomhpháirtithe atá an fhreagracht, ach gur freagracht dhomhanda é a ráthú go ndéanfar vacsaíní a tháirgeadh agus a dháileadh go gasta i ngach uile thír; á mheas go bhfuil gá le réitigh eisceachtúla in imthosca eisceachtúla; á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról tábhachtach ag an Lárionad Eorpach um Ghalair a Chosc agus a Rialú (ECDC) agus ag an Údarás Leigheasra Eorpach (EMA) don Aontas Eorpach chun athraithigh nua COVID-19 a bhrath agus a mheasúnú;

2. ag moladh na n-iarrachtaí nach bhfacthas riamh cheana atá á ndéanamh ag na pobail eolaíochta agus cógaisíochta chun roinnt vacsaíní a fhorbairt i dtréimhse chomh gearr sin a bhfuil rath orthu sa chomhrac i gcoinne leathadh COVID-19;

3. á mheabhrú gur chuir an Coimisiún comhaontuithe réamhcheannaigh ar bun le táirgeoirí aonair vacsaíní thar ceann na mBallstát agus gur mhaoinigh sé cuid de na costais tosaigh a bhí ar tháirgeoirí vacsaíní ón Ionstraim Tacaíochta Éigeandála, ar fiú EUR 2.7 billiún é;

4. á chur in iúl go bhfuil sí deimhin de gur céimeanna ríthábhachtacha chun vacsaíní a dháileadh iad vacsaíní a dheonú agus a onnmhairiú chuig tríú tíortha, ach go bhfuil gá freisin le méadú ar tháirgeadh vacsaíní ar fud an domhain, le comhordú níos fearr ar sholáthairtí agus le slabhraí luacha do vacsaíní atá neartaithe, éagsúlaithe agus athléimneach chun go ndáilfear vacsaíní ar fud an domhain; á chur i bhfáth go bhfuil comhaontuithe aistrithe teicneolaíochta agus ceadúnaithe idir saotharlanna agus aonaid táirgeachta i dtríú tíortha ríthábhachtach chun dlús a chur le táirgeadh vacsaíní ar fud an domhain agus gur bealach tairbhiúil iad chun táirgeadh a mhéadú i dtríú tíortha, go háirithe san Afraic; á mheas gur cheart féachaint ar rianta éagsúlaithe comhlántacha chun feabhas a chur ar an gcomhrac i gcoinne na paindéime; á chur i bhfios go láidir go bhfuil ról lárnach ag cuideachtaí cógaisíochta sa mhéadú ar tháirgeadh agus ar dháileadh vacsaíní;

5. á chur i bhfáth gur cheart tosaíocht níos mó a thabhairt do chumas táirgthe vacsaíní agus á thabhairt chun suntais nár cheart brú breise a chur ar mhonaróirí trí chath a chruthú d'amhábhair chun vacsaíní a chruthú;

6. á iarraidh i ndáil leis sin go ndéanfaí anailís chríochnúil ar an gcaoi le hAirteagal 31 de Chomhaontú TRIPS a chur i bhfeidhm agus a chur chun feidhme go rathúil agus ceadúnais onnmhairiúcháin a cheadú do thíortha nach bhfuil in ann an t-éileamh intíre a shásamh;

7. á chur i bhfios go láidir nach mór táirgeadh vacsaíní ar fud an domhain a leathnú san fhadtéarma chun freastal ar an éileamh domhanda; á chur i bhfáth nach mór táirgeadh agus dáileadh vacsaíní i dtíortha atá i mbéal forbartha a bheith bunaithe ar dhea-rialachas agus ar rochtain chomhionann ar vacsaíní; á chur i bhfios go láidir go bhfuil gá le hinfheistíocht i gcumais táirgthe na dtíortha atá i mbéal forbartha chun go mbeidh

siad féin neamhthuilleamaíoch san fhadtéarma; á chur i bhfáth gur léiríodh leis an bpaindéim gur cheart straitéis dhomhanda sláinte do phaindéimí a d'fhéadfadh a bheith ann amach anseo a phlé ar an leibhéal iltaobhach mar gheall ar an leibhéal íseal forbartha maidir le córais cúraim sláinte i dtíortha áirithe;

8. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil sé tábhachtach go n-oibreodh comhaltaí EDT agus na heagraíochtaí idirnáisiúnta lena mbaineann i gcomhar lena chéile maidir le cur chun feidhme na straitéise um Rochtain ar Leigheasra agus maidir leis an iarracht domhanda feabhas a chur ar thorthaí sláinte agus ar rochtain ar tháirgí leighis inacmhainne;

9. á chur in iúl gur cúis bhuartha di an toirmeasc de facto ar onnmhairiú atá curtha i bhfeidhm ag na Stáit Aontaithe agus ag an Ríocht Aontaithe maidir le vacsaíní COVID-19 agus earraí idirmheánacha a bhfuil gá leo chun vacsaíní a tháirgeadh, rud a fhágann nach bhfuil ach fíorbheagán vacsaíní á n-onnmhairiú agus go bhfuil easpa rochtana ar na hacmhainní is gá chun na vacsaíní a chruthú, amhail amhábhair agus comhábhair ghníomhacha chógaisíochta (APInna), agus go bhfuil moill á chur ar an luas táirgthe vacsaíní ar fud an domhain; ag moladh go láidir do na Stáit Aontaithe agus don Ríocht Aontaithe deireadh a chur láithreach leis an toirmeasc ar onnmhairiú agus dul i dteagmháil leis an Aontas, leis an Eagraíocht Dhomhanda Trádála agus le comhpháirtithe eile chun teacht ar thograí nithiúla chun vacsaíní a chur ar fáil ar fud an domhain; ag tabhairt dá haire go bhfuil an togra ó SAM teoranta do chaibidlíocht théacsbhunaithe maidir le cearta maoine intleachtúla a tharscaoileadh do vacsaíní COVID-19 faoi chuimsiú EDT, gan aon togra nithiúil a chur síos chun borradh a chur faoi tháirgeadh agus chun deireadh a chur le srianta ar onnmhairiú; á chur in iúl gurb oth léi gur chuir na Stáit Aontaithe agus tíortha eile moill ar phlé maidir le conradh paindéime arna thionscnamh ag AE a bhfuil sé d'aidhm aige ullmhacht EDS agus an fhreagairt ar éigeandálaí sláinte a neartú;

10. á mheas go bhfuil an méadú ar tháirgeadh agus ar dháileadh na vacsaíne ar fud an domhain ag brath, sa ghearrthéarma, ar dhíothú na mbacainní ar onnmhairiú atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo agus ar leibhéal feabhsaithe d'idirphlé agus comhar idirnáisiúnta; á iarraidh ar na tíortha móra idirnáisiúnta uile a tháirgeann vacsaíní seasamh lena leibhéal tiomantais dhomhanda agus deireadh a chur le gach srian ar onnmhairí chun comhroinnt agus soláthar domhanda vacsaíní a mhéadú;

11. á chur in iúl gur geal léi rún an Choimisiúin gach iarracht a dhéanamh chun cabhrú le forbróirí vacsaíní comhpháirtithe iontaofa a aimsiú ar fud an domhain lenar féidir leo a bhfios gnó agus a dteicneolaíocht a chomhroinnt nó comhaontuithe monaraíochta a dhéanamh; á chur in iúl gur geal léi an measúnú ón gCoimisiún gurb iad an comhar agus an ceadúnú deonach na huirlisí is éifeachtaí chun leathnú an táirgthe agus comhroinnt an fheasa gnó a éascú; á áitiú go láidir gur gá comhoibriú go dlúth le Unitaid agus le Díorma na bPaitinní Leigheasra chun rochtain chothrom ar vacsaíní, ar chóireáil agus ar dhiagnóisic i dtíortha ísealioncaim agus meánioncaim a áirithiú; ag tabhairt dá haire go bhfuil dea-thoradh ar iarrachtaí an Choimisiúin scrogaill táirgthe don vacsaín COVID-19 a shainaithint agus a réiteach, agus gur cheart tionscnaimh chomhchosúla a shamhlú lenár gcomhpháirtithe idirnáisiúnta;

12. ag tacú go láidir le húsáid ardán Díorma na bPaitinní Leigheasra (MPP) de chuid EDS chun rochtain vacsaíní agus cóireála a áirithiú i dtíortha ísealioncaim agus

meánioncaim; á iarraidh ar chuideachtaí cógaisíochta úsáid a bhaint as ceadúnú deonach chun pacáistí táirgthe vacsaíní lándéanta a sheachadadh chun eolas a aistriú agus táirgeadh a éascú i ngach tír a bhfuil acmhainní teoranta acu;

13. ag cur béim ar an bhfíoras go bhfuil sé tábhachtach go n-oibreodh comhaltaí EDT le chéile chun rochtain thráthúil ar tháirgí leighis inacmhainne a áirithiú; ag tabhairt dá haire go bhfuil plé ar bun faoi láthair ag roinnt comhaltaí san Eagraíocht Dhomhanda Trádála maidir leis an bhféidearthacht Comhaontú TRIPS le haghaidh vacsaíní COVID-19 a tharscaoileadh go sealadach; á chur in iúl go bhfuil sí den tuairim nach gcuirfeadh tarscaoileadh TRIPS feabhas sa ghearrthéarma ar acmhainní táirgthe domhanda, gur cheart do AE a bheith láidir ina thacaíocht don nuálaíocht agus do CMI sa phlé domhanda, agus gur cheart go mbeadh aon chinneadh a ghlacfar laistigh den chreat atá ann faoi láthair ag brath ar an gcumas táirgthe domhanda a chur faoi chois go héifeachtach, agus dáileadh cóir agus cothrom na vacsaíní á áirithiú; ag tacú leis an dearbhú a rinne an Coimisiún agus an Chomhairle Eorpach le déanaí agus lena n-ullmhacht dul i mbun plé lenár gcomhpháirtithe san Eagraíocht Dhomhanda Trádála maidir leis na solúbthachtaí atá ann cheana laistigh de Chomhaontú TRIPS, amhail ceadúnú éigeantach; á mheabhrú nach réitíonn réitigh aonair a d’fhéadfadh a bheith ann na riachtanais maidir le táirgeadh domhanda atá ann faoi láthair, ach go mbaineann siad le pacáiste cuimsitheach gníomhaíochtaí ar cheart a dhearadh chun srianta ar onnmhairiú a laghdú, táirgeadh a mhéadú agus dúshláin lóistíochta a shárú;

14. ag cur béim ar an ngá atá ann tacú le hacmhainní monaraíochta ar mhór-roinn na hAfraice agus á chur in iúl gur geal léi go mór fógra Fhoireann na hEorpa EUR 1 billiún a thabhairt chun tacú le tionscnamh arb é is aidhm dó feabhas a chur ar an monarú agus ar an rochtain ar vacsaíní, ar chógais agus ar theicneolaíochtaí sláinte; á chur i bhfáth a thábhachtaí atá creat rialála leormhaith do tháirgí cógaisíochta agus á áitiú gur gá tacú le Gníomhaireacht Leigheasra Afracach a bhunú;

15. ag tabhairt dá haire gur fhógair an Coimisiún go bhfuil sé toilteanach úsáid an cheadúnaithe éigeantaigh a éascú nuair is gá, faoi chuimsiú Chomhaontú TRIPS i gcás fadhbanna táirgthe cruthaithe a bhaineann le maoin intleachtúil, chun rochtain dhomhanda thapa ar tháirgeadh vacsaíní a áirithiú; á iarraidh ar an gCoimisiún critéir oibiachtúla a chur ar fáil maidir le cibé acu a rachaidh sé i muinín an cheadúnaithe éigeantaigh, cathain a dhéanfaidh sé é sin agus na cásanna ina bhféadfaidh sé é sin a dhéanamh; á chur i bhfios nach sonraítear i gComhaontú TRIPS na cúiseanna a d’fhéadfaí a úsáid chun bonn cirt a thabhairt leis an gceadúnú éigeantach; ag cur béim ar an bhfíoras go ndearbhaítear i nDearbhú Doha maidir le TRIPS agus an tSláinte Phoiblí go bhfuil an tsaoirse ag tíortha na forais a chinneadh maidir le ceadúnú éigeantacha a dheonú agus maidir le cinneadh a dhéanamh ar cad is éigeandáil náisiúnta ann; á chur i bhfáth go bhfuil gá le creat dlíthiúil éifeachtach le haghaidh ceadúnú éigeantach agus go bhféadfadh deacrachtaí dlíthiúla a bheith mar thoradh air i dtíortha atá i mbéal forbartha; á iarraidh ar an gCoimisiún féachaint an féidir leis tacaíocht dhlíthiúil a chur ar fáil don cheadúnú éigeantach sna tíortha is lú forbairt agus conas is féidir sin a dhéanamh;

16. á chur i bhfáth gur gá aird ar leith a thabhairt ar dhúshláin atá ag teacht chun cinn mar thoradh ar an méadú ar líon na dtáirgeoirí, amhail aon suaitheadh a d’fhéadfadh a bheith sa slabhra soláthair agus an ganntanas amhábhar agus táirgí idirmheánacha agus na

méaduithe praghsanna atá tagtha orthu;

17. á chur in iúl gur geal léi an ráiteas a rinne an Coimisiún le linn an Chruinnithe Mullaigh Dhomhanda maidir leis an tSláinte inar fhógair sé méadú go 100 milliún vacsaín ar a laghad roimh dheireadh 2021 ar an ngealltanas a thug Foireann na hEorpa; á áitiú go ndéantar an síntiús sin trí COVAX; á iarraidh ar na Ballstáit uile dáileoga a chomhroinnt trí COVAX; á chur in iúl gur geal léi an tacaíocht a cuireadh ar fáil ó Shásra an Aontais um Chosaint Shibhialta chun vacsaíní agus ábhar coimhdeach a sheachadadh; á iarraidh ar na Ballstáit a rannchuidiú le COVAX a mhéadú go suntasach agus ag an am céanna a áirithiú go mbainfear amach an cuspóir 70 % de dhaonra fásta an Aontais a vacsaíniú faoi mhí Iúil 2021; á mheabhrú gur sholáthair an tAontas Eorpach tuairim is 30 % de na vacsaíní COVAX atá ann faoi láthair;

18. á iarraidh ar an gCoimisiún machnamh a dhéanamh ar na bealaí uile atá ar fáil chun táirgeadh gasta vacsaíní COVID-19, agus a ndáileadh tapa ar fud na cruinne, a ráthú; á chur i bhfios go láidir a thábhachtaí atá sé an cumas táirgthe a mhéadú agus slándáil sholáthar na n-amhábhar agus na APInna a bhfuil gá leo a chumasú chun vacsaíní COVID-19 a tháirgeadh;

19. á iarraidh ar cheannairí an Aontais gach a bhfuil ar a gcumas a dhéanamh chun comhoibriú go héifeachtach, deireadh a chur le gach bac ar dháileadh vacsaíní agus vacsaíniú forleathan a áirithiú ar fud an domhain; á chur i bhfios go láidir go mbeidh sé ina thubaiste dár ngeilleagar agus dár sláinte phoiblí mura ndéanfar amhlaidh, agus, ar deireadh thiar, go gcuirfear fad leis an staid domhanda reatha;

20. á threorú dá hUachtarán an rún seo a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig Ard-Stiúrthóir na hEagraíochta Domhanda Trádála.